MAIDIR LE hIARRATAS CHUIG

AN mBORD PLEANÁLA

AR CHEADÚ (I) CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE DE BHUN ALT 51 D'ACHT NA mBÓITHRE 1993 (ARNA LEASÚ); (II) SCÉIM MÓTARBHEALAIGH CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018; agus (III) SCÉIM BÓTHAIR CHOSANTA CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018

Tag. ABP ABP-302848-18 agus ABP-302885-18

ÉISTEACHT Ó BHÉAL

RÁITEAS FIANAISE

Freagairtí ar Agóidí/Aighneachtaí faoi

Mháistirphlean Spórt OÉ Gaillimh

le

**Gareth Maguire**

**M.R.IA.I., RIBA, ARB, M.Arch BSc (Hons), Dip. PM**

**20 Feabhra 2020**

# 1 Cáilíochtaí agus Taithí

1.1 Gareth Maguire is ainm dom. M.R.IA.I., RIBA, ARB, M.Arch BSc (Hons), Dip. PM.

Is Ailtire Cláraithe le hInstitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann mé. Tá Máistreacht san Ailtireacht agam ón Mackintosh School of Architecture, Céim Céadonóracha, Céim Bhaitsiléir Eolaíochta san Ailtireacht ó Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste agus Dioplóma sa Bhainistíocht Tionscadal ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

1.2 Tá taithí breis agus 25 bliain agam ag obair ag leibhéal an Stiúrthóra shinsearaigh i gcleachtais Dearaidh Chomhtháite Idirnáisiúnta ar fud na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe. Stiúir mé BDP Architects in Éirinn le breis agus fiche bliain ina n-oifigí i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste araon. Le linn na tréimhse sin, stiúir mé neart mórthionscadail forbartha le foirne deartha ildisciplíneacha inmheánacha. Tá saineolas domhain agam ar Phleanáil Campais Ollscoile in Éirinn. I measc mo mháistirphleananna campais, tá Máistirphlean Ollscoil Mhaigh Nuad, Ár nÁiteanna - Máistirphlean Campais Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Athbhreithnithe ar Phleananna Forbartha Campais Choláiste na hOllscoile Corcaigh, Ollscoil Luimnigh agus Máistirphleananna Campais Oileán Altanach, OÉ Gaillimh. Tá comhairle tugtha agam leis do Bhoird Forbartha Caipitil Tríú Leibhéal de chuid institiúidí tábhachtacha tríú leibhéal ar a bpleananna forbartha caipitil, lena n-áirítear forbairt a mór-áiseanna campais spóirt.

# 2 Ról san Fhorbairt Bóthair atá Beartaithe

2.1 Ba é an ról a bhí agam ar thionscadal Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe tionchair ionchasacha na forbartha bóthair atá beartaithe ar OÉ Gaillimh a imscrúdú, a mheasúnú agus a thuairisciú agus go háirithe comhairle a thabhairt ar na tionchair ionchasacha a sainaithníodh ar a gcampas spóirt agus bearta maolaithe a mholadh chun aon tionchar a sainaithníodh a íoslaghdú.

2.2 Tá baint agam leis an ról seo ar thionscadal N6 GCRR ó na staidéir roghanna bealaigh.

# 3 Príomhcheisteanna maidir le Campas Spóirt OÉ Gaillimh

3.1 Glactar leis gur léadh Caibidil 15 den TMTT ina hiomláine agus ní dhéantar aithris uirthi anseo. Chun cabhrú leis an mBord a mhachnamh a dhéanamh ar na hiarratais i gcomhair ceada agus ar mhaithe le háisiúlacht na rannpháirtithe go léir ag an éisteacht seo agus chun na freagairtí ar na haighneachtaí/na hagóidí a chur i gcomhthéacs, tugtar achoimre ghairid thíos ar na príomh-mhíreanna a bhaineann leis an measúnú ar thionchair ionchasacha ar Champas Spóirt OÉ Gaillimh a shonraítear i gCaibidil 15 den TMTT.

3.2 Is é an toradh a bheidh leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ná laghdú 20 faoin gcéad ar Champas Spóirt OÉG ag an Daingean, mar gheall ar an laincis a chruthóidh struchtúir tacaíochta an tarbhealaigh, ar a dtrasnaíonn an N6 GCRR an campas. Mar thoradh air sin bainfear dhá pháirc fhéarbhunaithe ar mhéid páirc CLG. Dá bharr sin, beidh Máistirphlean Spórt Ollscoile nua ag teastáil ó Champas Spóirt OÉ Gaillimh. Nuair a chuirfear struchtúr tarbhealaigh ar fáil ag Campas Spóirt OÉ Gaillimh, beidh rochtain ó thuaidh agus ó dheas den champas spóirt agus d'Abhainn na Gaillimhe i rith chéim na hoibríochta, rud a choinneoidh nascacht agus tréscaoilteacht faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe.

3.3 Trasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe an pailliún spóirt reatha, le tionchair dhíreacha aige ar a cheann thiar, agus déanfar an foirgneamh a mhionathrú ar na bealaí seo a leanas:

- déanfar an seomra gléasra reatha ar an taobh thiar, seomra feistis amháin, limistéar stórála amháin, limistéar meáchan amháin agus hallaí rochtana gaolmhara ar urlár na talún agus na leibhéil uachtaracha a scartáil
- athlonnófar an seomra gléasra thiar agus a ghléasra gaolmhar
- tógfar agus déanfar athchumrú ar na ballaí inmheánacha agus seachtracha, ar an díon, agus ar láithreacha na bhfuinneog agus na ndoirse

3.4 Mar chuid den mhaolú ar na tionchair ar pháirceanna spóirt atá ann cheana, cuireadh páirceanna malartacha san áireamh sa TMTT a cuireadh faoi bhráid an Bhoird i nDeireadh Fómhair 2018. Bunaíodh an maolú sin ar chruinnithe a bhí ann le OÉ Gaillimh ag an am.

3.5 Leis an maolú san áireamh, aithníodh i Rannóg 15.6.2 de Chaibidil 15 den TMTT go mbeidh na tionchair iarmharacha ar Champas Spóirt OÉ Gaillimh 'an-suntasach', in éagmais Máistirphlean Spórt Ollscoile nua.

# 4 Freagairtí ar Aighneachtaí/Agóidí

## 4.1 Forbhreathnú

4.1.1 Is é aidhm an Ráitis Fianaise seo dul i ngleic leis an aighneacht/agóid a rinneadh leis an mBord Pleanála maidir le Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (N6 GCRR), an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT), Ráiteas Tionchair Natura (RTN) agus Scéim Mhótarbhealaigh i dtaca leis na tionchair ar Champas Spóirt OÉ Gaillimh a chuir OÉ Gaillimh amháin isteach. Ba é an cheist shonrach a pléadh ná na tionchair ar Mháistirphlean Spórt Ollscoile.

4.1.2 Téitear i ngleic le haighneachtaí/agóidí eile a tharraingíonn ceisteanna anuas maidir le OÉ Gaillimh in áit eile de réir mar is cuí.

## 4.2 Campas Spóirt OÉ Gaillimh

### Ceist

4.2.1 Tharraing aighneacht/agóid Ob_528_541_543_557 anuas an cheist seo a leanas i dtaca lena máistirphlean ollscoile. *"Ó Mhárta 2015, tá comhairle tugtha againn go rialta d'Fhoireann Tionscadail Bhonneagar Iompair Éireann ar an tionchar a bheidh ag an N6 GCRR atá beartaithe ar straitéis, oibríochtaí agus forbairt gnó na hollscoile, go háirithe maidir le hearcaíocht agus coinneáil mac léinn, cláir spóirt, forbairt áiseanna a bheidh ann, inmheánú, daonchairdeas agus bithéagsúlacht. ..... Is é an toradh a bheidh leis an scéim atá beartaithe ná go gcaillfear dhá pháirc imeartha agus dhá pháirc traenála ar feadh na tógála.... Cuirfidh an scéim isteach freisin ar an bpailliún spóirt atá riachtanach i dtacú leis an gcampas thuaidh ar fad."*

### Freagra


4.2.2 Bíodh agus gur glacadh le comhairle dhomhain le linn thréimhse fhorbairt an deartha, níor críochnaíodh plean agus straitéis campais spóirt OÉ Gaillimh nua sular foilsíodh an TMTT. Ó foilsíodh é, agus i ndiaidh aighneacht/agóid OÉ Gaillimh a fháil, tá deimhnithe ag OÉG gur cuireadh a bplean agus straitéis campais spóirt i gcrích agus shainaithin said a riachtanais agus pleananna le haghaidh an Champais Spóirt agus is mar seo a leanas an seasamh:

- níl na beartais mhaolaithe a beartaíodh i dtosach sa TMTT uathu
- tá siad i mbun a bpleananna féin maidir le soláthar na bpáirceanna a chreideann siad atá ag teastáil chun na tionchair de bharr na forbartha bóthair atá beartaithe a mhaolú agus tá iarratas pleanála ar feitheamh acu i gComhairle Cathrach na Gaillimhe (Tag 19/372) i dtaca leis seo

4.2.3 Cuireadh an t-iarratas pleanála isteach ar an 23 Nollaig 2019 agus aidhm aige *"cur le forbairt páirc 3G amháin agus páirc sacair/CLG féarbhunaithe amháin chomh*

*maith le bonneagar teagmhasach, líontán le liathróid a bhlocáil, tuilsoilsiú, draenáil, limistéar ard-bhithéagsúlachta agus oibreacha gaolmhara forbartha an láithreáin”* agus *“cead a lorg le haghaidh áiseanna seomra feistis sealadacha agus lána rochtana roinnte le haghaidh feithiclí éigeandála/cothabhála agus coisithe nauir atá Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe N6 atá beartaithe á thógáil.”* (féach thíos)

**Fíor 1: Iarratas pleanála OÉ Gaillimh le haghaidh páirceanna nua**




4.2.4 Deirtear sa tuairisc a d’ullmhaigh MKO Planning and Environmental Consultants a thionlaic iarratas pleanála OÉ Gaillimh, dar teideal “*Planning Application Cover Report – NUI Galway Dangan Sports Pitches”* ón 20 Nollaig 2019 é seo a leanas ag rannóg 1.2:

*“Is ábhar imní i gcónaí é d’OÉ Gaillimh tionchar an bhóthair bheartaithe ar oibríocht fheidhmeach iomlán an champais spóirt. Scoiltfidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe an campas spóirt ina dhá leath a bheag ná a mhór, ag baint amach an dá pháirc fhéarbhunaithe atá suite sa lár. Anuas air sin, déanfar athrú ó bhonn ar chomhthéacs na n-áiseanna feistis spóirt reatha agus an chúirtealáiste.*

*Is é cuspóir an iarratais pleanála seo rogha mhalartach a mholadh in áit na mbeartas maolaithe a moladh in ‘Aguisín A.15.1 Moltaí maidir le Maolú Áiseanna Spóirt OÉG’ sa TMTT a cuireadh isteach, leis an moladh le haghaidh dhá pháirc nua agus bonneagar gaolmhar ar shuíomh atá suite siar ó thuaidh den bhealach atá beartaithe do N6 GCRR. Le bheith cruinn, molann an t-iarratas seo go gcuirfí páirceanna nua in áit na bpáirceanna reatha a chaillfear mar gheall ar an N6 GCRR atá beartaithe agus ní bhainfear úsáid níos déine as na háiseanna reatha.”*

Déantar athrá ar an ráiteas sin i gcuid 7.2 den tuairisc, leis an trácht breise go bhfuil *“An moladh reatha níos comhoiriúnaí d’fhís straitéiseach OÉ Gaillimh le haghaidh an champais spóirt ó thaobh a fheidhme de.”*

4.2.5 I bhfianaise a ndeirtear thuas:

- níl na beartais mhaolaithe a aithníodh sa TMTT maidir le tógáil pháirc CLG lánmhéide uile-aimsire ar shuíomh reatha pháirc 9 ag teastáil a thuilleadh ó OÉ Gaillimh agus mar sin, ní thabharfar fúthu mar chuid den iarratas le faomhadh le haghaidh N6 GCRR agus ní mholtar iad a thuilleadh mar bheartas maolaithe sa Scéim. Beidh athruithe aige sin ar Sceidil na Scéime um Bóithre Cosanta mar go mbeidh na ceapacha a bhaineann le páirc 9 le baint de Sceidil na Scéime um Bóithre Cosanta.
- níl na beartais mhaolaithe a aithníodh sa TMTT maidir le tógáil limistéar traenála ar shuíomh reatha pháirc 8 ag teastáil a thuilleadh ó OÉ Gaillimh agus mar sin, ní thabharfar fúthu mar chuid den iarratas le faomhadh don fhorbairt bóthair atá beartaithe agus ní mholtar iad a thuilleadh mar bheartas maolaithe sa scéim. Cuirfear páirc 8 atá i seilbh shealadach Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar ais ina limistéar traenála féir, le bonn gainimh cuí agus córas draenála atá ag teacht lena thógáil reatha i ndiaidh na tógála agus tabharfar ar ais d'OÉ Gaillimh í. Leagfar é sin amach i Sceideal na dTiomantas Comhshaoil.

4.2.6 Ní athraíonn baint an mhaolaithe seo an tionchar iarmharach ar OÉ Gaillimh agus tá sé fós 'an-suntasach'.

# 5 Conclúid

5.1 I ndiaidh machnamh a dhéanamh ar na haighneachtaí agus agóidí, agus ar bhaint an mhaolaithe mholta maidir le páirceanna spóirt in OÉ Gaillimh, fanann conclúidí mo luachála faoi mar a léiríodh i gCaibidil 15 den TMTT. Tá na tionchair iarmharacha ar champas spóirt OÉG fós 'an-suntasach', in éagmais Máistirphlean Spóirt Ollscoile nua.